

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Commission for Aviation Regulation







# 2016

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta



# Clár na nÁbhar


1 Réamhrá P3

2 Faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta P5

3 Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt P9

4 Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh P15

5 Ceadúnú do Thrádáil Taistil P20

6 Cearta Aerphaisinéirí P23

7 Riaracháin P28

8 Faisnéis Airgeadais P32

9 Aguisín P40



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
3ú Urlár, Teach, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.
Teil: +353 1 6611700 Facs: +353 1 6611269 www.aviationreg.ie ríomhphost: info@aviationreg.ie


Tá an Coimisiún buíoch den daa as na pictiúir atá úsáidte sa tuairisc seo.

2016
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

# 1

# Réamhrá



# Réamhrá



**Cathy Mannion**
Coimisinéir

Leanadh le fás níos tapúla ar thrácht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ná mar a bhíothas ag súil leis cheana féin. Shroich líon na bpaisinéirí i 2016, 28 milliún fás thar na bearta 12% ó 2015 arbh bhliain thar na bearta í féin í.

I gcoinne cúlra fás láidir d'eisíomar páipéar comhairliúcháin ag moladh go ligfí d'Aerfort Bhaile Átha Cliath costais cheadaithe Rúidbhealach Thuaidh a ghabháil ar ais nuair a bheadh sé oibríochtúil. Cuirfear é seo in ionad an truicear reatha. Tá cinneadh dlite go luath i 2017.

Ina theannta sin chuireamar meicníocht solúbtha i bhfeidhm a ligeann d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, i gcomhairliúchán le húsáideoirí, tionscadail bhreise a chur ar aghaidh atá riachtanach chun déileáil leis na srianta is toradh ar fhás neamhthuartha líon na bpaisinéirí.

I 2015, d'fhógair an tAire athbhreithniú ar réim rialála na muirear aerfoirt ina mBeartas Eitlíochta Náisiúnta. Le linn na bliana d'fhoilsigh an Roinn páipéar comhairliúcháin ar réim rialála na muirear aerfoirt in Éirinn agus táthar ag súil le cinneadh go luath i 2017.

Leanann an Coimisiún ag eisiúint agus ag déanamh faireachán ar cheadúnais d'aerlínte, láimhseálaithe ar an talamh, tionscnóirí turais agus gníomhairí taistil. I 2016, ní raibh aon mhéadú suntasach ar an líon iomlán ceadúnas a eisíodh.

Is é ceann dár bhfeidhmeanna scéim a oibriú a chúitíonn custaiméirí cáilithe má théann tionscnóir turais nó gníomhaire taistil as gnó. In Iúil 2016, theip ar Lowcostholidays Spain SL agus chuireamar socruithe in ionad láithreach chun déileáil le héilimh. Roimh dheireadh na bliana chríochnaíomar ár gcuid oibre tar éis déileáil le 3,871 éileamh incháilithe. Bhí lóistín íoctha ag an gcustaiméir san áireamh in an-chuid de na pacáistí saoire seo ach gan na cistí a bheith faighte ag an óstán ó Lowcostholidays.

Phróiseálamar 5,199 fiosrúcháin agus gearáin ó phaisinéirí. Méadú 7% ar 2015 ab ea é sin. Eolas ar chearta paisinéirí nó gearáin ab ea timpeall 81% de theagmhálacha nach raibh laistigh dár sainchúram chun plé leo.

Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo d'óstáil an Coimisiún seastán eolais ar chearta paisinéirí sa Taispeántas Holiday World agus Expo 50+ san RDS. Ina theannta sin d'óstálamar cruinnithe le gníomhairí taistil i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Sligeach.

I 2017, cuirfidh an Coimisiún aon athruithe atá riachtanach i bhfeidhm nuair a chríochnaíonn an Roinn a hathbhreithniú ar rialáil muirir aerfoirt. Oibreoimid le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus le haerlínte chun an leibhéal comhairliúcháin a mhéadú agus bealaí a fhiosrú an fócas ar phaisinéirí agus ar chinntí a dhéanamh a mhéadú. Tá sé i gceist again freisin athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe um chosaint custaiméara i gcás dócmhainneacht gníomhairí taistilnó tionscnóirí turas, agus athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an ngá le Treoir Taistil Láneagraithe nua nach mór í a bheith i bhfeidhm roimh Iúil 2018. (Aguisín)

# 2

# Faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta



# Faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta

**Rialtóir eacnamaíoch neamhspleách eitlíochta na hÉireann is ea an Coimisiún agus bunaíodh é ar an 27 Feabhra 2001. Tá freagrachtaí an Choimisiúin imlínithe thíos.**

## Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

- Leagann síos caidhp praghais ag cur teorainn leis an ioncam iomlán in aghaidh an phaisinéara gur féidir le sonraí a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Cinntíonn comhlíonadh leis an treoir um mhuirir aerfoirt na hEorpa.
- Faomhann na muirir a thoibhíonn aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí do phaisinéirí le soghluaiseacht laghdaithe a mhaoiniú.
- Faomhann na táillí gearrtha ag na húdaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne do rochtain ar shuiteálacha riachtanach do sheirbhísí ar an talamh a chur ar fáil.
- Sainíonn stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoi na Rialacháin um Leithroinnt Sliotán, lena n-áirítear ceapadh éascaitheoir sceideal nó comhordaitheoir nuair is gá. Sainíonn paraiméadair na n-acmhainní in aerfoirt chomhordaithe.



## Ceadúnú agus Ceaduithe

- Ceadúnaíonn aeriompróirí bunaithe in Éirinn ag iompar paisinéirí, post nó lasta ar airgead agus/nó ar fruilliú
- Ceadúnaíonn gníomhairí taistil agus tionscnóirí turais ag díol taistil thar lear
- Riarann scéim nascála do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turais agus próiseálann éilimh má théann gníomhaire taistil nó tionscnóir turais as gnó.
- Fiosraíonn teagmhais um thrádáil neamhdhleathach líomhnaithe agus ionchúisíonn nuair is gá.
- Ceaduithe deontas do chuideachtaí I mbun gníomhaíochtaí ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

## Cearta Aerphaisinéirí

- Fiosraíonn gearáin ar chealúcháin eitiltí, moillithe dhá uair a chloig ar a laghad agus teagmhais ceadanna bordála diúltaithe nó íosgrádaithe d'eitiltí go léir atá chun aerfoirt na hÉireann a fhágáil agus d'eitiltí ag teacht isteach go haerfoirt na hÉireann ó thíortha nach tíortha AE iad (más iompróirí ceadúnaithe AE a oibríonn iad).
- Fiosraíonn gearáin a bhaineann le cabhair faighte ag paisinéirí a bhfuil soghluaiseacht laghdaithe acu nuair a bhíonn áirithint á déanamh acu, iad ag taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn nó ag bordáil eitilte ag imeacht ó aerfort Éireannach.

# Foireann Fheidhmiúcháin



Cathy Mannion

Ceapadh **Cathy Mannion** mar Choimisinéir ar an 7ú Nollaig 2015. Bhí an post mar Stiúrthóir ar an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh le héagsúlacht freagrachtaí ann thar na blianta.

Tá **David Hodnett** ina Cheannasaí Gnóthaí Dlí agus ina Leas-Choimisinéir an Choimisiúin. Aturnae é a tháinig isteach sa Choimisiún i 2003. Tá sé freagrach as Gnóthaí Dlí, Ceadúnú Aeriompróirí agus Cearta Aerphaisinéirí.



David Hodnett



Adrian Corcoran

Is é **Adrian Corcoran** an Stiúrthóir Rialála Eacnamaíche. Tá sé freagrach as rialú eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath, comhordú sliotáin agus faomhadh táillí a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus paisinéirí le soghluaiseacht laghdaithe. Ceapadh é don ról seo i Mí na Nollag 2014 tar éis dó a bheith ag obair mar Eacnamaí ag an gCoimisiún roimhe sin. Tá PhD san Eacnamaíocht aige.

Comhalta is ea **Brian Higgins** d'Institiúid Chairte d'Fhorbairt agus Pearsanra agus tháinig chuig an gCoimisiún in Iúil 2016 mar Stiúrthóir Riaracháin ag leanúint ar ghairm bheatha AD agus Oibríochtúil i nDéantúsaíocht, Airgeadas agus Eitlíocht. Tá sé freagrach as AD, Riarachán, Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Saoráidí agus TF.



Brian Higgins



Josephine O'Reilly

Ball de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn is ea **Josephine O'Reilly**. Tháinig sí chuig an gCoimisiún in Aibreán 2001 agus is Stiúrthóir Airgeadais í. Soláthraíonn sí comhairle agus tacaíocht freisin do na réimsí ceadúnaithe aerlínte, láimhseála ar an talamh, agus limistéir trádála taistil i ndáil le feidhmíocht airgeadais a gcuid eintiteas ceadúnaithe.

# Príomhstaitisticí

Ceadúnaímid 14 Aeriompróirí bunaithe in Éirinn

I 2016 phléamar le 5,199 fiosrúcháin ón bpobal ar chearta aerphaisinéirí agus fuair €327,503 do phaisinéirí a bhí thíos de bharr cur isteach ar eitiltí

Leagamar caidhp ar mhuirir ag aerfort Bhaile Átha Cliath. I 2017 is é €9.86 in aghaidh an phaisinéara an mhuirear sealadach.

I 2016 d'fhiosraíomar 18 n-aighneacht i ndáil le cearta daoine le soghluaiseacht laghdaithe

Ceadúnaímid agus nascaimid gnólachtaí taistil

Tá 45 ceaduithe seirbhísí ar an talamh in eisiúint

# 3

Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt



# Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

Leanadh le fás níos tapúla ar thrácht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ná mar a bhíothas ag súil leis cheana féin. Shroich líon na bpaisinéirí 28 milliún, fás thar na bearta 12% ó 2015 arbh bhliain thar na bearta í freisin. Bhí éifeachtaí iarmhartacha leis seo a raibh dhá shruth oibre don Choimisiún mar thoradh air i 2016; Athbhreithniú eatramhach den Chinneadh 2014 mar gheall ar réamh-mhaoiniú iomarcach an Rúidbhealaigh Thuaidh agus forbairt phróisis chun solúbthacht mhéadaithe a sholáthar i liúntais chaiteachais chaipitiúil.

Ina theannta sin i 2016, ghlac an Coimisiún páirt san Fhóram Thessaloniki do rialtóirí muirir aerfoirt Eorpacha. Bhí an Coimisiún i gceannas ar ghrúpa oibre a d'fhoilsigh treoirlínte a bhí mar aidhm acu dul i dtreo Treoir Muirir Aerfoirt níos fearr a chur chun feidhme.

## Athbhreithniú ar Mhuirir Aerfoirt

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar rialú muirir aerfoirt in Éirinn agus in Iúil 2016 d'fhoilsigh tuarascáil arna hullmhú ag Indecon ar an réim rialála.

Mhol an tuarascáil seo go leanfadh an réim rialála reatha ar aghaidh le roinnt feabhsúchán lena n-áirítear solúbthacht mhéadaithe ag cur teorainn le scóip treoracha airí, ag feabhsú comhairliúcháin, ag méadú gnóthú paisinéirí agus ag leasú an phróisis achomhairc.

I Meán Fómhair 2016 chuir an Coimisiún a fhreagairt isteach ag cur fáilte roimh na moltaí seo agus tá sé ag súil le bheith ag obair leis an Roinn chun aon athruithe a bheadh mar thoradh ar an athbhreithniú seo a chur chun feidhme.

## Athbhreithniú Eatramhach Chinneadh 2014

I Mí na Nollag 2015 chuir an Coimisiún in iúl go ndéanfadh sé athbhreithniú ar an truicear do chostais a bhaineann leis an Rúidbhealach Thuaidh a íoc. Bhí an buntruicear, le 59c a chur leis an gcaidhp praghais dá shroichfeadh líon na bpaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 25 milliún thar thréimhse dhá mhí dhéag.

Bhí fás paisinéara i bhfad níos airde ná mar a tuaradh agus sroicheadh an truicear i 2015 sula raibh an tAerfort réidh an rúidbhealach a thógáil. Bheadh sé mar thoradh air seo go dtosódh an tAerfort ag athghabháil costas sula gcuirfí tús le tógáil.

Bheartaigh an Coimisiún mar sin athbhreithniú a dhéanamh ar an ngné seo den Chinneadh leis an aidhm amú an truicir a ailíniú ionas go rachadh sé níos fearr le hamú don tionscadal a sheachadadh.

In Eanáir 2017 d'fhoilsíomar ár ndréachchinneadh; ag leagan amach trí thruicear leis an gcuid is mó de na costais á ngabháil ar ais chomh luath agus atá an Rúidbhealach Thuaidh oibríochtúil. Foilseofar cinneadh deireanach in Aibreán 2017.

## Solúbthacht Mhéadaithe i gCaiteachas Caipitiúil

I Lúnasa 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin ag leagan amach próiseas chun ligean d'Aerfort Bhaile Átha Cliath iarratas a dhéanamh ar liúntas caiteachais chaipitiúil fhorlíontaigh laistigh de thréimhse chinnidh. Is é cuspóir an phróisis seo ná solúbthacht mhéadaithe a thabhairt don chreat rialála ag ligean d'Aerfort Bhaile Átha Cliath freagairt níos éifeachtaí d'athruithe nó cúinsí neamhtuartha laistigh de thréimhse chinnidh. Foilsíodh an cinneadh ag leagan amach an phróisis chríochnaithe i Mí na Nollag 2016.

Mar chuid den phróiseas seo taispeánfaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath go bhfuil athrú suntasach i gcúinsí agus rachaidh sé i gcomhairle go forleathan le húsáideoirí ag cur eolas mionsonraithe ar fáil ar an tionscadal nó ar na tionscadail. Ansin déanfaimid measúnú ar riachtanas agus cost-éifeachtúlacht an mholta/na moltaí mar chuid den phróiseas fhaofa.

## Comhlíonadh leis an gCinneadh 2014

I Samhain 2016 dheimhnigh an Coimisiún gur chomhlíon Aerfort Bhaile Átha Cliath leis an gcaidhp praghais €10.26 in aghaidh an phaisinéara do 2015. Coigeartaíodh an chaidhp praghais seo do bhoilsciú agus do shárú amháin cáilíocht seirbhíse a tharla i 2015. Is é €9.86 an chaidhp praghais sealadaí do 2017 in aghaidh an phaisinéara.

# Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt


## Tábla 1: Caidhp Praghais Sealadaí 2017

| | |
|---|---|
| Bonnphraghas | €9.45 |
| Coigeartú CPI | -€0.07 |
| Fobhailiú ó 2015 | +€0.48 |
| **Caidhp Praghais Sealadaí 2017** | **€9.86** |

*Foinse: Cinneadh 2014, Ríomhanna CAR*

Laghdaítear an chaidhp praghais muna gcomhlíontar le haon cheann de na spriocanna do cháilíocht seirbhísí. Tá dhá bheart déag um cháilíocht seirbhísí ann; bearta suirbhé paisinéara shuibiachtúla is ea naoi gcinn díobh seo, baineann dhá cheann le córais láimhseála bagáiste a bheith ar fáil agus leagtar amach sa cheann deireanach amlíne uasta slándála 30 nóiméad. Scóráil Aerfort Bhaile Átha Cliath níos airde ná na spriocanna íosta leagtha amach ag an gCoimisiún seo i ngach ceann de na naoi mbearta suirbhé paisinéara agus freisin chomhlíon freisin le spriocanna láimhseáil bhagáiste i 2016.

## Figiúir 1: Tá gach sprioc suirbhé paisinéar sáraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i 2016





*Foinse: Cinneadh 2014, Ríomhanna CAR*

Sa chuid is mó de laethanta i 2016 bhí líntí slándála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath go mór faoi bhu n ár dteorainn 30 nóiméad. Mar sin féin sáraíodh an teorainn dhá uair, ar an 1ú agus 2ú Deireadh Fómhair i gCríochfort 1. Beidh ioncam laghdaithe timpeall €225,000 mar thoradh air seo d'Aerfort Bhaile Átha Cliath de bharr an laghdaithe dá bharr ar an gcaidhp praghais do 2016.

# Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

## Figiúir 2: Dhá shárú ama ar líne shlándála i 2016




*Foinse: Sonraí Bliptrack tuairiscithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath*

## Treoir um Mhuirir Aerfoirt

I Mí na Nollag 2016, d'fhoilsigh Fóram Thessalonika um Rialtóirí do Mhuirir Aerfoirt na hEorpa dhá pháipéar chun cabhrú le cur chun feidhme na Treorach um Mhuirir Aerfoirt (2009/12/CE) ceann amháin i ndáil le Meánchostas Ualaithe an Chaipitil (WACC) agus an ceann eile ina leagtar amach na treoirlínte comhairliúcháin agus trédhearcachta do chomhairliúcháin na n-aerfort i dtaca le muirir aerfoirt.[1] Scríobh grúpa oibre an Fhóraim an dá pháipéar araon leis an gCoimisiún i gceannas. Beidh ról gníomhach ag an gCoimisiún ar ghrúpa oibre nua an Fhóraim Thessalonika a scrúdóidh measúnaithe ar chumhacht mhargaidh ag aerfoirt AE.

Bhreathnaigh an Coimisiún atá ina Údarás Maoirseachta Neamhspleách Éireannach an comhairliúchán 2016 ar mhuirir aerfoirt a reachtáil Aerfort Bhaile Átha Cliath. I 2017, reáchtálfaidh an Coimisiún comhairliúchán poiblí chun an gá do threoirlínte áitiúla a bhreisíonn trédhearcacht a thuilleadh agus a mbíonn leibhéal méadaithe comhairliúcháin ar mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath mar thoradh orthu.


## Comhordú Sliotán

Tá an Coimisiún freagrach as aerfoirt Éireannacha a shainiú mar shliotán éascaithe (IATA leibhéal 2) nó sliotán comhordaithe (IATA leibhéal 3) ag brath ar an leibhéal plódaithe agus chun éascaitheoir/comhordaitheoir sliotáin a cheapadh de réir mar is cuí. Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath sainithe mar aerfort chomhordaithe agus ní mór d'aerlínte ag iarraidh oibriú ag Aerfort Bhaile Átha Chliath sliotán deimhnithe a bheith tugtha dóibh ag an gcomhordaitheoir, Comhordú Aerfoirt Teoranta (ACL) faoi láthair. Tá fás suntasach in éileamh feicthe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas. Taispeánann Figiúir 3 éileamh ar lá samplach trasna ceithre shéasúr Samhraidh.

[1] http://www.aviationreg.ie/_fileupload/ACD/Thessaloniki%20Forum%20WACC%20Dec%2016.pdf
http://www.aviationreg.ie/_fileupload/ACD/Thessaloniki%20Forum%20Consultation%20Dec%2016.pdf

# Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

## Figiúir 3: Fás láidir in éileamh á leanúint ar aghaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath





*Foinse: ACL*

Is é an Coimisiún an foras atá an dualgas air paraiméadair a dhearbhú chun críocha comhordú sliotáin[2] agus gníomhaíonn an Coiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath (ina bhfuil Aerfort Bhaile Átha Cliath, an IAA agus réimse ionadaithe aerlíne) i ról comhairleach. Ag cruinniú Mheán Fómhair 2016 den Choiste Comhordaithe pléadh moladh acmhainn rúidbhealach dhearbhaithe a mhéadú don Samhradh 2016 ach níor ghlac an Coiste leis. Ag leanúint ar athbhreithniú d'fhoilsigh an Coimisiún paraiméadair na hacmhainne do shéasúr an tSamhraidh 2017 gan aon athruithe. Beimid ag athbhreithniú nádúr srianta aerfort i 2017 agus an próiseas chun acmhainn a dhearbhú.

Oibríonn an Coimisiún scéim ceadaithe sliotáin[3] agus i 2016 gearradh fíneálacha idir €1,000 agus €3,000 as oibriú gan sliotán agus ag oibriú as sliotán. Tá laghdú ar mhí-úsáid sliotáin ag Baile Átha Cliath ó tugadh isteach an scéim ceadaithe i Mí na Nollag 2013 (féach ar Figiúir 4). Bhí an leibhéal oibríochtaí gan sliotán ag Baile Átha Cliath comhionann le Stanstead ach fós níos airde ná Heathrow, Gatwick agus Manchain.

## Figiúir 4: Titim in oibríochtaí gan sliotán ag Baile Átha Cliath ó 2013




*Foinse: ACL*

2 http://www.aviationreg.ie/_fileupload/SLOTS_LEG_2_EEC_793_2004.pdf
3 http://www.aviationreg.ie/_fileupload/en_si_2013_0460.pdf

# Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

## Rochtain ar Tháillí Suiteálacha

Gearrann Aerfoirt táillí Rochtana ar Shuiteálacha chun rochtain a fháil ar threalamh nó infreastruchtúr riachtanach chun seirbhísí maithe ar an talamh a sholáthar.

Fuair an Coimisiún trí iarratas ar cheaduithe táille go déanach i 2015 agus tar éis tréimhse chomhairliúcháin in Eanáir 2016 cheadaigh táille ar dheascanna halla bagáiste a fháil ar cíos ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

In Aibreán 2016, d'fhaomh an Coimisiún táillí do threalamh CUPPS (Córas Próiseála um an Paisinéir Gnáthúsáideora) ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

## Ag Féachaint chun Cinn

Chomh maith lenár gcuid feidhmeanna rialta a bhaineann le hathbhreithniú ar chur chun feidhme muirear agus comhordú sliotáin, reáchtálfaidh an Coimisiún comhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara chun beartas a fhorbairt a leanann dea-chleachtas rialála maidir le comhairliúchán agus trédhearcacht muirir aerfoirt a shocrú chomh maith le hionadaíocht phaisinéara agus rannpháirtíocht scairshealbhóra. Is cuid dár n-ullmhúchán do Chinneadh 2019 an fhorbairt bheartais seo um uasleibhéal muirear aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.



# 4

Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh



# Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

## Ceadúnais d'Aeriompróirí

Ag deireadh 2016 cheadúnaigh an Coimisiún 14 aeriompróir bunaithe in Éirinn chun dul i mbun oibríochtaí aeriompair thráchtála. Le linn na bliana d'eisigh an Coimisiún ceadúnas oibríochta nua amháin. Ina theannta sin chuir sealbhóir ceadúnais catagóir B reatha a cheadúnas oibríochta isteach arís le haghaidh faomhaithe chun ceadú dó aerárthach a oibriú os cionn na tairsí i bhfeidhm ag an gCatagóir sin ar aon dul le riachtanais na reachtaíochta agus chun athrú go ceadúnas oibríochta Catagóir A a cheadú dó. Tugadh faomhadh sa chás seo. Tá liosta sealbhóirí ceadúnais suas chun dáta ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

### **Tábla 2:** Líon Ceadúnas agus Ceaduithe, 2016

| | Aeriompróirí | Láimhseálaithe ar an Talamh | |
|---|---|---|---|
| | | Féin-Láimhseálaithe | Tríú Páirtithe |
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Ean 2016 | **13** | **11** | **40** |
| *Ceadúnais/Ceaduithe nua* | 1 | 0 | 1 |
| *Ceadúnas aisghairmithe/tugtha suas* | 0 | 2 | 5 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Nol 2016 | **14** | **9** | **36** |

Le linn na bliana bhí sealbhóirí ceadúnais go léir faoi réir monatóireachta chun comhlíonadh leis an reachtaíocht cheadúnaithe ábhartha i ndáil le hoiriúnacht airgeadais, clúdach árachais agus úinéireacht agus rialú a chinntiú. Leanamar le monatóireacht a dhéanamh go dlúth ar shuíomh airgeadais aeriompróirí go háirithe iad siúd le staid airgeadais níos laige trí shonraí airgeadais a chur isteach níos minice agus trí chruinnithe rialta.

Chun modh inaitheanta ar féidir teacht air go héasca a chur ar fáil chun a chinntiú go bhfuil oibreoir ceadúnaithe, eisíodh dioscaí ceadúnais ar aerárthacha beaga agus oibreoirí héileacaptair le taispeáint i ngach ceann dá n-aerárthach cláraithe mar atá liostaithe ar a dTeastas Aeroibreora arna eisiúint ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## Diosca Ceadúnais Aeriompróra



# Ceadúnú Aeriomprróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

Fuaireamar trí iarratas i 2016 ó shealbhóir ceadúnais reatha chun faomhadh a fháil chun aerárthaigh fheistithe arna gclárú lasmuigh den Aontas Eorpach a léasú. Tugadh faomhadh i ndáil le gach ceann de na hiarratais seo.

Tá ceadúnais faoi réir athbhreithnithe dhá bhliain tar éis dóibh a bheith tugtha ar dtús. I 2016, rinneadh athbhreithniú amháin den sórt sin. Níl aon athruithe ar an gceadúnas ábhartha.

Fuaireamar cúig aighneacht freisin le linn 2016 (fuarthas trí chinn i Nollaig 2016) ó aeriompróirí Éireannacha déanta faoi Airteagal 8 (5) den Rialachán Ceadúnaithe a éilíonn ar an gCoimisiún fógra a fháil roimh aon athruithe suntasacha i scála a gcuid ghníomhaíochtaí,[4] roimh aon chumaisc/ éadálacha beartaithe nó sa chás go bhfuil athrú úinéireachta. Chomh maith leis an aeriompróir ag leagan amach na mionathruithe go mionsonraithe féadfaidh an Coimisiún plean leasaithe gnó nó faisnéis eile a chur isteach. Ag deireadh 2016 bhí trí chinn de na haighneachtaí sin faoi bhreithniú ag fanacht ar mhionsonraithe breise ó na haeriompróirí ábhartha.

Tugadh isteach foirm iarratais nua um cheadúnú aerlíne le linn 2016. Tá an fhoirm PDF gur féidir a líonadh, tapa, éasca agus áisiúil le húsáid. Ceadaíonn sí doiciméid a cheangail léi agus is féidir í a oscailt, a líonadh isteach agus a shábháil ar ríomhaire an iarratasóra sula gcuirtear í ar aghaidh. Mar chuid den phróiseas foirm iarratais nua a thabhairt isteach thug an Coimisiún a n-ábhair treorach suas chun dáta freisin um iarratas a dhéanamh ar cheadúnas oibríochta[5].

Arís d'fhreastail an Coimisiún ar cheardlann a d'óstáil Údarás Eitlíochta Shibhialta an RA d'oibreoirí ceadúnaithe eitlíochta. Príomhghné den cheardlann ab ea cothroime iomaíochta a chur chun cinn in iarratais ar riachtanais cheadúnaithe oibríochta laistigh den Aontas Eorpach agus cabhrú chun muinín a thabhairt don tionscal go gcuirtear riachtanais den sórt sin i bhfeidhm go cothrom agus go seasta. D'fhreastail Coimisiún na hEorpa agus ionadaithe ó roinnt Ballstát eile ar an gcruinniú. Tá sé I gceist go rachaidh an Grúpa seo i ngleic a thuilleadh le topaicí ar spéis leo a bhaineann le ceadúnú aerárthaigh amach anseo.




I gcomhthéacs 'Straitéis Eitlíochta don Eoraip' ó Choimisiúin na hEorpa foilsithe i Nollaig 2015 scaipeadh dréacht-treoracha léirmhínitheacha ar úinéireacht agus rialú iompróirí AE ar Bhallstáit le linn 2016 agus seoladh comhairliúchán sonraithe. Tá sé i gceist ag na treoirlínte deimhneacht dhlithiúil níos mó a thabhairt d'infheisteoirí agus d'aerlínte maidir le conas a bhaineann Coimisiún na hEorpa ciall as na rialacha úinéireachta agus rialaithe. Táthar ag súil le foilsiú leagan deiridh go luath i 2017.

I Mí na Samhna 2016 mar a fhoráiltear i bPlean Gníomhaíochta na Straitéise Eitlíochta d'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa Treochlár do mheasúnú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh 1008/2008 ar rialacha comónta d'oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal. Táthar ag súil le próiseas comhairliúcháin leathain sa dara ceathrún de 20017 agus déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an bpróiseas agus cuirfidh leis mar is cuí.

---

[4] The relevant changes can include the operation of a new air service to a continent or world region not previously served, changes in the number of aircraft operated or their type or any other change in the scale of its activities.


[5] http://www.aviationreg.ie/airline-licensing-the-commissions-role/apply-for-a-licence.141.html

# Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

## Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

Ag deireadh 2016 bhí naoi gcead féinláimhseálaithe ar an talamh (sé sin i gcás go roghnaíonn an aerlíne seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil di féin) agus 36 soláthróirí faofa ar sheirbhísí láimhseála ar an talamh nó láimhseálaithe tríú páirtí (sé sin cuideachta i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil mar aerlíne nó cuideachta láimhseála ar an talamh thiomanta). As na féin-láimhseálaithe faofa tá triúr faofa freisin chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Tá liosta iomlán de shealbhóirí faofa á choimeád suas chun dáta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Léiríonn Figiúir 5 anailís ar líon na bhféin-láimhseálaithe agus soláthróirí seirbhísí láimhseála ar an talamh faofa de réir aerfoirt.

### Figiúir 5: Láimhseálaithe faofa de réir cineáil agus Aerfoirt 2016




Le linn Márta 2016, chuaighcead láimhseála amháin tríú páirtí in éag tar éis teip ar an sealbhóir faisnéis go léir a sholáthar go tráthúil. Chuir an chuideachta iarratas nua isteach chuig an gCoimisiún agus eisíodh cead láimhseála tríú páirtí nua dóibh in Aibreán 2016.



Thug beirt shealbhóirí faofa féin-láimhseála suas a gceaduithe go deonach le linn na bliana. I gcás amháin ní raibh aon ghníomhaíochtaí ag an aerlíne ábhartha in Éirinn a thuilleadh. Sa chás eile rinne an aerlíne ábhartha cinneadh gníomhaíochtaí go léir láimhseála ar an talamh a aistriú go fochuideachta chláraithe in Éirinn. Ina theannta sin tugadh suas trí chead láimhseála tríú páirtí go deonach de bhrí gur aistrigh na cuideachtaí ábhartha conarthaí go sealbhóirí faofa reatha eile.

# Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

Le linn na bliana scrúdaigh agus d'fhaomh an Coimisiún ceithre iarratas ó shealbhóirí faofa tríú páirtí reatha chun oibríochtaí a leathnú go hionaid aerfort eile nó chun dul i mbun gníomhaíochtaí eile.

Eisítear cead ar feadh tréimhse cúig bliana. D'athnuaigh an Coimisiún ocht gcead i 2016 ag leanúint ar an bpróiseas athnuachana a chríochnú go rathúil.

Lean an Coimisiún le cuairteanna neamhfhoirmiúla ar shealbhóirí láimhseálaithe ar an talamh faofa reatha chun feabhas a chur le dialóg agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar ghnáthriachtanais chomhlíontachta. Ina theannta sin thugamar cuairt ar aerfoirt chun buaileadh leis an bpearsanra ábhartha um oibríochtaí láimhseála ar an talamh a bhainistiú agus phléamar aon cheisteanna a d'éirigh.

Ag leibhéal an AE san áireamh i Straitéis Eitlíochta an Choimisiúin bhí moladh Rialachán Sábháilteachta na hEorpa Uimh 216/2008 a leasú. Foilsíodh téacs an Rialacháin mholta ag deireadh 2015 agus áirítear ann riachtanais seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil go sábháilte. Shocraigh an Coimisiún cruinnithe ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionainne agus Chorcaí le linn 2016 chun na moltaí sin a phlé le sealbhóirí láimhseála ar an talamh faofa agus le húdaráis aerfoirt. D'fhreastail Údarás Eitlíochta na hÉireann agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freisin agus chuir nuashonruithe ar fáil ar mholtaí AE. Leanfaimid ag obair le gníomhaireachtaí eile agus údaráis aerfoirt maidir leis na moltaí nua agus coimeádfaimid an tionscal ar an eolas.

Cuireann Straitéis Eitlíochta Choimisiúin na hEorpa measúnú ar fáil um an Treoir Láimhseála ar an Talamh reatha agus tar éis sin déanfar cinneadh cibé an gá í a athbhreithniú nó nach gá. Leanfaimid le faireachán a dhéanamh ar aon fhorbairtí maidir leis seo.

## Ag Féachaint chun Cinn

Sa bhliain amach romhainn leanfaidh an Coimisiún ár réim ceaduithe agus ceadúnaithe a riaradh. Táimid ag coinne le buaileadh le haeriompróirí agus láimhseálaithe ar an talamh chun comhlíonadh go leanúnach le dualgais cheadúnaithe agus tuairisciú airgeadais a phlé agus maidir le héabhlóid plean gnó. Maidir leis seo leanfaimid ag obair le dlúthchomhoibriú le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann.



# 5

## Ceadúnú do Thrádáil Taistil



# Ceadúnú do Thrádáil Taistil

## Ceadúnú do Thrádáil Taistil

I 2016, rinneadh ceadúnas a thabhairt do 290 comhlacht taistil. Cé gur tharraing roinnt comhlachtaí siar ón earnáil, eisíodh 20 ceadúnas d'iarrthóirí nua; ardú i líon iomlán na gceadúnas a eisíodh an toradh a bhí air seo. Faoin reachtaíocht atá ann, tá ceanglas ar thionscnóirí turas agus ar ghníomhairí taistil socruithe a chur i bhfeidhm a thugann cosaint áirithe do thaistealaithe má scoireann comhlacht de bheith ag trádáil. Achoimrítear thíos an dá roghaá atá ann má tharlaíonn sé seo.

Ceanglaítear ar chomhlachtaí a bhfuil ceadúnas faighte acu ón gCoimisiún banna a chur ar fáil ar féidir airgead a tharraingt as má scoireann sealbhóir ceadúnaithe de bheith ag trádáil, ag fágáil custaiméirí sáinnithe thar lear nó mura gcomhlíontar conarthaí taistil roimh dháta dlite an taistil. Úsáideann an Coimisiún an banna sa chás gur gá taistealaithe a thabhairt abhaile agus le haghaidh aisíocaíochtaí. Socraítear na bannaí ag ráta 4% den láimhdeachas incheadúnaithe réamh-mheasta do ghníomhairí taistil agus ag ráta 10% do thionscnóirí turas. Tagraíonn na luachanna i dTábla 5.1 don láimhdeachas atá clúdaithe faoin scéim.

Má tá leibhéal an chúitimh atá le híoc níos airde ná luach an bhanna, tarraingeoidh an Coimisiún as an gCiste Cosanta Taistealaithe. Tháinig ann don chiste seo sa bhliain 1984. Ó 1984 go 1987, tá airgead curtha ag Tionscnóirí Turas isteach sa chiste. Níor cuireadh leis an gciste ón am sin i leith.

### Tábla 3: Láimhdeachas Incheadúnaithe agus Bannú an Tionscail Taistil.

| Eintitis Cheadúnaithe | 2016 (€milliún) | | 2015 (€milliún) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | PLTO | Banna | PLTO |
| Tionscnóir Turas (ráta 10%) | 19 | 188 | 18 | 179 |
| Gníomhaire Taistil (ráta 4%) | 41 | 1033 | 42 | 1053 |
| **Iomlán** | **60** | **1221** | **60** | **1232** |

In ionad bannaí a chur ar fáil, is féidir le comhlachtaí atá bunaithe i dtíortha Eorpacha eile socruithe malartacha maidir le cosaint thaistealaithe a chur i bhfeidhm. Go dtí seo, níor bhain aon chomhlacht leas as an gcóras seo.

Ní thugtar cosaint faoi scéim bhannaithe atá á riar ag an gCoimisiún d'éinne a dhéanann áirithint le heintiteas neamhcheadúnaithe.

## Teipeanna Comhlachtaí

I mí Iúil 2016, chuaigh Lowcostholidays Spain SL faoi riarachán. Dhíol an comhlacht seo saoirí i go leor tíortha agus bhí tionchar ag teip an chomhlachta ar 100,000 custaiméir ar fud an domhain. In Éirinn, d'aisíoc an Coimisiún €3.34 milliún le 3,871 éilitheoir incháilithe. Tháinig deireadh leis an scéim ag deireadh na bliana. Bhí leibhéal an chúitimh níos airde ná luach an bhanna a bhí curtha ar fáil ag Lowcostholidays Spain SL. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún airgead a tharraingt as an gCiste Cosanta Taistealaithe chun an cúiteamh cuí a íoc.

Bhí tionchar mór aige seo ar an méid airgead atá fágtha sa Chiste Cosanta Taistealaithe agus, i 2017, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar leorgacht na scéime cosanta do thomhaltóirí atá ann faoi láthair chun a chinntiú go mbeidh cosaint ann do thomhaltóirí sa chás go mbíonn a thuilleadh teipeanna ann amach anseo.

# Ceadúnú do Thrádáil Taistil

## Comhlíonadh Monatóireachta

I 2016, thionscnaigh nó lean an Coimisiún ar aghaidh le fiosrúcháin a dhéanamh ar ocht ngearán a fuarthas maidir le trádáil a d'fhéadfadh a bheith neamhcheadúnaithe. Thug muid cuairt freisin ar chomhlachtaí áirithe a raibh amhras ann go raibh trádáil neamhcheadúnaithe á dhéanamh acu.

Ar a bharr seo, thug muid cuairt ar 17 dtionscnóir turas agus ar an ngníomhaire taistil chun a chinntiú go raibh coinníollacha ceadúnaithe á comhlíonadh acu; tugadh athchuairt ar líon beag díbh seo. Tugann na cuairteanna seo tuiscint níos fearr dúinn ar na heagraíochtaí a bhfuil ceadúnas faighte acu agus is deis neamhfhoirmeálta iad faisnéis a roinnt.

In Eanáir agus Feabhra 2016, d'eagraigh an Coimisiún cruinnithe do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas i mBaile Átha Cliath,Corcaigh agus Sligeach.

## An Córas Ceadúnaithe

Níos déanaí i 2016, bhain muid úsáid arís as próiseas PDF le haghaidh iarratais ar cheadúnais a líonadh chun deis a thabhairt dúinn ár gcóras ar líne a uasghrádú. Ghlac muid le cur chuige a úsáidtear chun iarratais ar cheadúnas aerlíne a dhéanamh.

## Ag Féachaint chun Cinn

Sa chéad leath den bhliain seo chugainn, déanfaidh muid measúnú ar leorgacht na scéime cosanta do thomhaltóirí, scéim a n-éilíonn ar ghníomhairí taistil agus ar thionscnóirí turas bannaí a chur ar fáil, agus déanfaidh muid measúnú freisin ar leorgacht an Chiste Cosanta Taistealaithe. Déanfar cinneadh maidir le héifeacht na scéime tomhaltóirí a chosaint in aghaidh teipeanna a d'fhéadfadh a tharlú amach anseo. Déanfar machnamh freisin ar a mhéad agus a chomhlíonann an scéim seo riachtanais Threoir nua an AE maidir le Taisteal Lánáirithe ar gá é a chur i bhfeidhm ó mhí Iúil 2018.

# 6

## Cearta Aerphaisinéirí









# Cearta Aerphaisinéirí

## Fiosruithe agus Gearáin

I 2016, fuair an Coimisiún iomlán de 5,199 fiosrú agus gearán ón bpobal. Is méadú de 7% é seo ar líon na bhfiosraithe a fuarthas i 2015. Bhain rud beag os cionn 81% (4,237) le hiarratais ar fhaisnéis faoi chearta paisinéirí, le nósanna imeachta chun gearán a dhéanamh, agus le hábhair nach bhfuil aon údarás againn déileáil leo. Áirítear leo seo gearáin maidir le bagáiste, cúrsaí slándála agus fiosruithe faoi phraghsanna. I gcásanna inarbh fhéidir é, atreoraíodh an paisinéir chuig an ghníomhaireacht chuí a dhéileálann lena leithéid d'fhiosruithe nó de ghearáin.

Bhain 944 iarratas eile le cealuithe, moilleanna, daoine nár tugadh cead dóibh dul ar bord agus íosghrádaithe. Is laghdú é seo de 7% ar líon na n-iarratas a rinneadh i 2015. Fuair muid líon beag fiosrúchán (18) maidir le cearta dhaoine faoi mhíchumas agus le cearta dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta nuair atáthar ag taisteal ar eitleán.



## Cealuithe, Moilleanna, Daoine nár Tugadh Cead Dóibh Dul ar Bord agus Íosghrádaithe

Tá an Coimisiún freagrach as déileáil le gearáin a dhéanann paisinéirí a thaistealaíonn amach as nó isteach in aerfort Éireannach ó thíortha neamh-AE (áit a bhfuil an eitilt á cur ar fáil ag aerlíne atá bunaithe san AE). Bíonn dul amú ar phaisinéirí a d'fhág tír de chuid an AE le tuirlingt in Éirinn nuair a dhéanann siad teagmháil leis an gCoimisiún le gearán a dhéanamh.

I 2016, chuir 98 bpaisinéir den chineál seo teagmháil orainn agus thug muid an fhaisnéis chuí dóibh chun dul i dteagmháil lenár gcomheagraíochtaí i dtíortha eile den AE, nó thug muid cabhair dóibh an fhoirm ghearáin a líonadh agus a sheoladh ar aghaidh. Le trí bliana anuas thit líon na ngearán den chineál seo a fuarthas.

Rinneadh an Coimisiún fiosrúchán iomlán ar an 846 gearán a bhí fágtha. Faoi dheireadh na bliana bhí clabhsúr curtha againn ar 769 de na gearáin sin agus tá 77 gearán ann atá fós faoi fhiosrúchán nó le fiosrú. Léirítear an miondealú a rinneadh ar thorthaí an 769 chás curtha I gcrích i Figiúir 6[6].



[6] A complaint may have more than one outcome i.e. the passenger may have received a refund of his/her expenses but the air carrier may also have successfully demonstrated the existence of extraordinary circumstances.

# Cearta Aerphaisinéirí


## Tábla 4: Gearáin Aerphaisinéirí de réir Chineáil & Comhlacht Imscrúdaithe

| Cineál Gearáin | Le fiosrú ag an gCoimisiún | Le fiosrú ag NEB eile | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|
| Cealuithe | 314 | 28 | 342 | 36% |
| Moill fhada | 482 | 63 | 545 | 58% |
| Daoine nár Tugadh Cead Dóibh Dul ar Bord | 43 | 3 | 46 | 5% |
| Ísliú céime | 4 | 0 | 4 | 0% |
| Eile | 3 | 4 | 7 | 1% |
| **Iomlán** | **846** | **98** | **944** | **100%** |

I 168 de na cásanna níor sheasadh leis an ngearán, tharraing an paisinéir siar an gearán nó níorbh fhéidir an gearán a shásamh de bharr sháraithe éigin. I 130 cás eile, cinneadh nach raibh cúiteamh le híoc leis na paisinéirí ar cuireadh as dóibh toisc go raibh imthosca urghnáthacha ann agus go raibh bearta réasúnta curtha i bhfeidhm ag an aerlíne chun aon chur isteach do phaisinéirí a sheachaint. I 348 cás, íocadh cúiteamh leis na paisinéirí agus i 54 cás fuair an custaiméir aisíocaíocht de chostas a thicéad nó dá speinsais.

I 2016, fuair paisinéirí ar cuireadh as dá n-eitiltí €327,503: €311,350 i bhfoirm chúitimh agus €16,153 mar aisíocaíocht.

## Figiúir 6: Torthaí ar Ghearáin Aerphaisinéirí i 2016



# Cearta Aerphaisinéirí

## Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta

I rith 2016, fuair an Coimisiún 18 aighneacht maidir le cearta daoine atá faoi mhíchumas luaineachta. Ba ghearán bailí naoi gcinn díbh seo a raibh fiosrúchán ag teastáil uathu. Tarraingíodh anuas ceisteanna éagsúla lena n-áirítear:

- An chabhair a fuarthas ag an aerfort imeachta, iompar nó theacht isteach
- Diúltú glacadh le hairithintí ó phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta
- An bealach inar tugadh fearas luaineachta ar ais do phaisinéirí; curtha ar ais le chéile an bealach ceart nó mícheart

Bhain ceann de na gearáin seo le rialaitheoir i dtír eile ach bhí an 8 ngearán eile faoi chúram an Choimisiúin agus rinneadh fiosrúchán orthu. Go dtí seo, níl ach ceann amháin de na gearáin gan réiteach. Níor tugadh faoi deara aon sárú ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 le linn de chur i gcrích na bhfiosrúchán réitithe ach de réir nan faisnéise atá againn faoi láthair tá an chosúlacht ann go raibh sárú i gceist i gcomhthéacs an ghearáin atá fós gan réiteach.







## Obair Eile

Rinne an Coimisiún iniúchadh ar ocht aerfort i 2016 freisin[7]. Ba é cuspóir na n-iniúchtaí seo ná:

- Monatóireacht a dhéanamh ar chur ar fáil chabhrach chomhlachtaí bainistíochta aerfoirt do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta de réir Rialacháin (CE) Uimh. 1107/ 2006
- Cinntiú go ndéanann na haeriompróirí an fhaisnéis atá sainordaithe ag Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 a chur ar taispeáint mar a mbítear ag seiceáil isteach agus eolas breise a chur ar fáil do phaisinéirí a gcuirtear isteach orthu mar gheall ar chur ar ceal, moill fhada nó cásanna ina ndiúltaítear cead dul ar bord.

[7] Rinneadh iniúchadh ar na haerfort seo a leanas: aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Dhún na nGall, Chiarraí, Chnoc Mhuire agus na Sionainne. Rinneadh iniúchadh trí huaire ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.

# Cearta Aerphaisinéirí

I 2016, tháinig stop leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le hathmhúnlú a dhéanamh ar Rialachán (CE) 261/2004 de bharr na gceisteanna polaitiúla a bhí ann maidir le Giobráltar. Tá rudaí tar éis éirí níos casta fós de bharr thoradh an vóta i bhfabhar Breatimeachta agus is cosúil anois nach dtarlóidh an t-athmhúnlú sa ghearrtéarma nó sa mheántéarma. Mar thoradh ar sin, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach in éineacht leis na rialaitheoirí éagsúla sraith nua Treoirlínte Léirmhínitheacha a bhfuil mar aidhm acu an lear mór cásdlí a fágadh i ndiaidh Rialachán 261 agus an reachtaíocht féin a chomhcheangail. Ghlac an Coimisiún páirt ghníomhach sa phróiseas seo.

Ar mhaithe le feasacht tomhaltóirí a chur chun cinn, reachtáil an Coimisiún seastán faisnéise ag an Aonach Saoire Domhanda bliantúil a tharla i mBaile Átha Cliath in Eanáir 2016. Leis an sprioc céanna, ghlac muid páirt freisin san Expo 50+ a eagraíodh i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Ar a bharr sinthug muid faoi feachtas spriocdhírithe sna meáin chun aird an phobail a tharraingt ar na cearta agus na teidil atá acu faoi réir shainordaithe an dá Rialachán.

I rith 2016, rinne an Coimisiún cur i láthair ag an gceardlann ilthairbhí "Technical Assistance and Information Exchange" (TAIEX) i réimse na n-aerfort agus cearta na n-aerphaisinéirí i Skopje, an Mhacadóin, faoi chur i bhfeidhm Rialacháin (CE) Uimh. 1107/2006. Bhí an-rath ar an ócáid agus tá an chosúlacht ann go dtarlóidh a thuilleadh ócáidí den chineál seo.

I Meán Fómhair 2016 d'óstáil an Coimisiún toscaireacht ó Choimisiún Eitlíochta na Malaeisia chun plé a dhéanamh ar chearta paisinéirí go ginearálta, cé go raibh béim ar leith ar na cearta atá ag paisinéirí a chuirtear isteach ar a n-eitiltí.

Ar an leibhéal náisiúnta, ghlac an Coimisiún páirt ghníomhach i gCruinnithe an Choiste Éascaithe leathbhliantúil agus ghlac muid páirt freisin sa Choiste Comhairliúcháin Inrochtaineachta a bhfuil mar chuspóir aige inrochtaineacht sa chóras iompar in Éirinn go ginearálta a fheabhsú.

## Ag Féachaint chun Cinn

Leanfaidh muid orainn ag obair i ndlúthchomhar le paisinéirí, le haerlínte agus le haerfoirt chun a chinntiú go gcloífear le cearta phaisinéirí agus cuirfidh muid i gcrích iniúchtaí in aerfoirt Éireannacha an bhliain seo chugainn chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialachán bunúsach.

# 7

## Riaracháin



# Riaracháin

## Acmhainní Daonna

I 2016 d'fhostaigh an Coimisiún ar an meán 16 fostaí lán-aimseartha coibhéise. (Aguisín) Íoctar baill foirne ag rátaí ar féidir a chur i gcomparáid go díreach le postanna san Earnáil Phoiblí agus tá na rátaí seo ar fad ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Tá solúbthacht i struchtúr ár n-eagraíocht agus inár gcúraimí poist mar chuid lárnach den tseirbhís a chuireann muid ar fáil agus beidh amach anseo freisin.

## Scéimeanna Aoisliúntais

Éilítear ar gach baill foirne lánaimseartha dul isteach i scéim pinsin an Choimisiúin. Bunaíodh an scéim faoin Acht um Rialáil Eitlíochta 2001. Ón 1 Eanáir 2013, caithfidh gach fostaí nua dul isteach i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí mura gceadaítear dóibh dul isteach I scéim an Choimisiúin. Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scéimeanna aoisliúntais an Choimisiúin a fhaomhadh I mí an Mheithimh 2015.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Le go leanfar leis an gcur chuige réamhghníomhach seo maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, leanann muid orainn ag spreagadh ár bhfoireann chun cleachtais shábháilteachta a chur chun cinn san ionad oibre agus tá cláir oiliúna faoi gach gné den tsábháilteacht dóiteáin agus den gharchabhair - lena n-áirítear úsáid AED - curtha i gcrích againn agus leanfar leis an nós seo amach anseo. Reáchtálann muid clár scagthástála sláinte agus cuireann muid ar fáil vacsaíniú in aghaidh an fhliú ar bhonn bliantúil.

## Seachfhoinsiú agus Soláthar

Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag seachfhoinsiú neamh-bhunfheidhmeanna riaracháin a bhaineann le hIniúchadh Inmheánach, Athshlánú ó Thubaiste, Caidreamh leis na Meáin, TF agus Párolla agus leanfaidh sé air á dhéanamh seo chomh fada agus a bhíonn sé cost-éifeachtúil agus éifeachtach. Ar a bharr sin, úsáideann muid cleachtais luach is fearr i ngach gné dár gcóras soláthar ag baint úsáide as seirbhísí OGP, r-thairscintí agus praghsáil iomaíoch mar is cuí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Liostáiltear an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta mar chomhlacht poiblí sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I Lúnasa 2016, d'fhaomh an t-Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chéad Scéim Teanga an Choimisiúin. Beidh an scéim seo bailí ar feadh tréimhse trí bliana agus tá roinnt tiomantas ann maidir le líon na seirbhísí a chuireann an Coimisiún ar fáil sa Ghaeilge a mhéadú. Tar éis faofa na Scéime, rinneadh cur i bhfeidhm na dtiomantas a leagtar amach sa Scéim a thionscain de réir an sceidil a socraíodh.

# Riaracháin

## Trédhearcacht

Cuireann an Coimisiún i gcrích a chuid feidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Déantar gach doiciméad a bhaineann le comhairliúcháin a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin (tá liosta na gcomhairliúchán a tharla i 2016 curtha mar aguisín leis an tuarascáil seo). Ó Mhárta 2012 ar aghaidh, tá nótaí foilsithe ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin go ráithiúil ag sonrú na horduithe ceannaigh atá os cionn €20,000. Fuair an Coimisiún 2 iarratas Shaoráil Faisnéise i 2016, agus ní bhfuair sé aon iarratas Cosanta Sonraí.

## Dlíthíocht

I nDeireadh Fómhair 2016, thug an Ard-Chúirt breithiúnas ar na himeachtaí dlí idir an Coimisiún agus AIB, ag breith nach raibh ar an mbanc airgead a íoc ar bhanna a bhí ráthaithe aige i gcásanna a raibh airgead íoctha aige do bhanna níos déanaí leis an ngníomhaire taistil céanna. Ag eascairt ón mbreithiúnas, chuir an Coimisiún stop le himeachtaí a bhí tionscnaithe aige i gcás cosúil leis in aghaidh chomhlacht árachais sa RA.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta don chaighdeán is airde sa rialachas corparáideach a choimeád. Áit arb infheidhme é d'eagraíocht dá mhéad, cloíonn an Coimisiún leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.. Tá an Coimisinéir, ina ról mar an duine Cuntasach, freagrach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ó thaobh an dea-rialachais chorparáidigh de.



# Riaracháin

## Tábla 5: Achoimre ar Rialachas Corparáideach

| | |
|---|---|
| **Cód Iompair an Choimisiúin** | Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún do na fostaithe. |
| **Luacháil infheistíochta** | Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach ar bith i 2015, a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a bheartaítear sa treoirleabhar 2005 de chuid na Roinne Treoirlínte do Luacháil agus do Bhainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí. |
| **Luach saothair an luchta bhainistíochta shinsearaigh agus táillí an stiúrthóra** | Féach ar Acmhainní Daonna sa chaibidil seo chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin réimse sin. Ní bheidh feidhm ag íocaíocht tháillí an stiúrthóra. |
| **Socruithe tuairiscithe** | Déanann an Coimisiún tuarascálacha dá leithéidí chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt más gá. Tá córas cuntasaíochta lánfhorbartha ag an gCoimisiún, a sholáthraíonn miontuarascálacha míosúla bainistíochta agus airgeadais chuig an lucht bainistíochta sinsearach. Glacann muid le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú chun ár dtuairisciú a dhéanamh. Ríomhann sé a chuntais ar an gcóras cuntasaíochta fabhraithe ach amháin má shonraítear é sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis seo. |
| **Pleanáil straitéiseach agus chorparáideach.** | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht Eitlíochta 2001, in Acht na nAerfort Stáit 2004, san Acht Eitlíochta 2006 agus in Acht na nAerfort Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 chomh maith le hIonstraimí Reachtúla éagsúla. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an dóigh a rinneadh na feidhmeanna sin a tharmligean sa bhliain roimhe sin. |
| **Beartas Taistil** | Cloíonn an Coimisiún le coinníollacha an Rialtais maidir le beartas taistil. |
| **Leasanna a nochtadh** | Éilítear ar an gCoimisinéir, a chuid foirne, agus na comhairligh agus na comhairleoirí uile cloí leis na coinníollacha ábhartha nochta a eascraíonn faoi alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoi ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. |
| **Bainistíocht maidir le Riosca** | Tá clár riosca á choimeád ag an gCoimisiún a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú air go rialta agus oibrítear I gcomhar leis an gcoiste iniúchta d'fhonn bainistíocht a dhéanamh maidir le cásanna baoil. |

## Ag Féachaint chun Cinn

Le cois ár bhfeidhmeanna oibríochta laethúla, beidh muid ag déanamh athbhreithnithe ar chórais agus phróisis chun a oiriúnacht don fheidhm a mheasúnú ar mhaithe le héifeachtacht níos mó agus seirbhís custaiméara níos fearr a bhaint amach. Leanfaidh solúbthacht i struchtúr ár n-eagraíocht agus inár gcúraimí poist ar aghaidh a bheith mar pháirt lárnach dár n-eagraíocht chomh maith le scileanna, eolas agus saineolas a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

# 8

# Faisnéis Airgeadais



# Faisnéis Airgeadais

Ba bhliain an-ghnóthach í 2016 don Choimisiún agus léirítear é seo sna Ráitis Airgeadais, curtha i láthair anseo thíos. Tá an t-ioncam ó Thobhaigh bunaithe ar bhuiséad an Choimisiúin don bhliain agus d'ardaigh sé 13% i gcomparáid le 2015 mar gheall ar ardú i líon na bhfostaithe agus i gcostais dhlíthiúla.

Bhí ardú de 20% sa chaiteachas i 2016 i gcomparáid le 2015; baineann sé seo don chuid is mó le costais foirne agus táillí dlí. D'ardaigh líon na bhfostaí lán-aimseartha coibhéise go 16 sa bhliain ón leibhéal an-íseal de 14 a bhí ann i 2015. Freisin, ceapadh Coimisinéir nua i mí na Nollag 2015; mar sin léiríonn 2016 bliain iomlán costas don phost seo. Léiríonn na costais dhlíthiúla na costais mheasta dheiridh do dhá chás dlí áit a raibh an Coimisiún ag iarraidh luachanna Bannaí a fháil ar ais ar mhaithe leis an gCiste Cosanta Taistealaithe, ach nach raibh rath ar na hiarrachtaí sin.

Léiríonn an Ráiteas ar Staid an Airgeadais laghdú tuairim is €1.6 milliún i mbannaí airgid trádála taistil sa bhliain. Athruithe i bpróifíl láimhdeachais na n-eintitis a roghnaíonn bannaí airgid agus athruithe sna heintitis féin a roghnaíonn an cineál seo banna a ba chúis leis seo; bhí 126 cuntas bannaí airgid ar an 31 Nollaig 2016 i gcomparáid le 120 ag deireadh 2015.

Bhí méadú sa ghlandliteanas don scéim sochair scoir ó €608,973 ar an 31 Nollaig 2015 go dtí €935,283 ar an 31 Nollaig 2016. Mhéadaigh dliteanais na scéime ó 2015 go 2016 mar gheall gur cuireadh an tseirbhís san áireamh i rith 2016. Bhí méadú achtúireach breise ann sna dliteanais ón 31 Nollaig 2016 mar gheall gur cuireadh san áireamh méadaithe tuarastail

iar-FEMPI do chuid bhaill foirne agus mar gheall ar threisiú na bhfoshuíomhanna maidir le sochair na mball iarchurtha. Ar a bharr sin, bhí an gnóthachan ar infheistíocht ar na sócmhainní scéime níos lú ná an ráta úis ar na sócmhainní gafa agus spreag sé seo caillteanas achtúireach maidir le luachanna sócmhainní idir 31 Nollaig 2015 agus 31 Nollaig 2016.

Gné thábhachtach den scéim pinsin ná go sásaíonn sí i gcónaí an bunchaighdeán cistithe a éilíonn an t-Údarás Pinsin. Rinneadh é seo a dheimhniú nuair a chuir Achtúire na Scéime measúnú foirmeálta i gcrích ar an 31 Márta 2016.



# Faisnéis Airgeadais

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta as córas um rialú inmheánach airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Dearadh an córas sin chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a thabhairt in éadan míráiteas nó caillteanas ábhartha.

D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh ina gcinntítear go ndéanfar gach gnó de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na nithe seo a leanas soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, imscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún a dhéantar a fhoinsiú allamuigh. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí dá bhfuil an Coimisiún nochta, agus bunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin. Tá Coiste Iniúchóireachta ag an gCoimisiún chomh maith a fheidhmíonn faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag an gCoimisinéir agus ar a bhfuil triúr comhaltaí seachtracha. Cuirtear gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh i láthair an Choiste Iniúchóireachta. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairim in iúl don Choimisiún maidir le leorgacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Dheimhnigh an Coimisinéir sna Dréacht-Ráitis Airgeadais i leith na bliana go dtí 31 Nollaig 2016, go ndearnadh an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais.

## Iniúchadh Inmheánach

Cuireadh deireadh leis an gconradh idir an Coimisiún agus D'Arcy Lynch Partners Ltd ar an 18 Meitheamh 2016. Is iad BDO iniúchóir inmheánach nua an Choimisiúin agus ritheann an conradh atá againn leo go dtí 15 Lúnasa 2019. Oibríonn an t¬iniúchóir inmheánach faoi stiúir an Choiste Iniúchta Sheachtraigh. I 2016, rinne na hiniúchóirí inmheánacha dhá iniúchadh:

- Athbhreithniú TF (á dhéanamh ag DLP)
- Athbhreithniú ar an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais (á dhéanamh ag BDO)

## Coiste Iniúchta

Chruinnigh an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire i rith 2016. Ag gach cruinniú thug an Coimisinéir an t-eolas is déanaí don Choiste maidir le gníomhaíochtaí, obair leanúnach agus buncheisteanna an Choimisiúin. D'fhreastail baill den phríomhfhoireann bainistíochta ar na cruinnithe ó am go chéile de réir mar a bhí gá leis agus mar a bhí cuí. D'fhreastail na hiniúchóirí inmheánacha neamhspleácha ar na cruinnithe ar bhonn rialta chun an t-eolas is déanaí a thabhairt don Choiste maidir leis an bplean iniúchta agus na tuairiscí iniúchta ábhartha. Níor tharraing tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchta do 2016 anuas aon cheisteanna maidir le córas rialaithe inmheánach an Choimisiúin.

# Faisnéis Airgeadais

## Íocaíocht Phras na gCuntas

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht maidir le cinntiú go gcomhlíontar, sna poncanna ábhartha uile, forálacha Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Íocaíochtaí déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("Na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a bhfuil sonraisc iníoctha dlite agus chun a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí ar na dátaí seo. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú in éadan neamhchomhlíonta ábhartha na Rialachán. Is é an polasaí íocaíochta atá againn ná cloí le riachtanais na Rialachán.

## Soláthar

Cloíonn nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le cúrsaí soláthair le treoirlínte agus le treoracha náisiúnta agus, más infheidhme, le treoirlínte agus le treoracha an Aontais Eorpaigh. Is iad treoirlínte náisiúnta a bhíonn i bhfeidhm den chuid is mó de bharr luach thromlach na gconarthaí. Tá plean soláthair don bhliain tugtha chun cinn ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí sin ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint.

## Diúscairt sócmhainní agus rochtain ag tríú páirtithe ar shócmhainní

Níl sócmhainn ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a beartaíodh faoi na treoirlínte (€150,000). Ní raibh diúscairt sócmhainní ar bith ann le linn na bliana 2016.

## Luacháil Infheistíochta

Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach ar bith i 2016, a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a bheartaítear sa treoirleabhar 2005 de chuid na Roinne Treoirlínte do Luacháil agus do Bhainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí.

## Comhlíonadh Cánach

Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus PSWT. Tá na foirmeacha cánach ábhartha uile do 2016 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán le gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais.

## Tobhach

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh a fhorchuireann tobhach ar mhaithe le costais a tabhaíodh i gceart le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh a chlúdach. Tá an tobhach iníoctha ag rangú de ghnóthais a d'fhéadfadh an Coimisiún a shonrú.

Ar an 7 Nollaig 2016, rinne an Coimisiún S.I. 592 de 2016, rialachán a fhorchuireann an Tobhach don bhliain 2017. Tá an Coimisiún ag súil le hioncam €2.7 milliún a ghnóthú ón tobhach seo i 2017.

Athraíonn ioncam ó thobhaigh de réir riachtanais chaiteachais mheasta agus de réir riachtanais sreafa airgid. Níor tháinig aon athrú suntasach ar an ioncam ón Táille Ceadúnais le níos mó ná bliain. Ioncam ó ús agus ioncam ón gCiste Cosanta Taistealaithe atá i gceist san Ioncam Eile. Athraíonn an chéad ceann de réir thaiscí agus ráta úis na bliana atá i gceist. Baineann an dara cheann leis na cásanna ina thabhaíonn an Coimisiún costais de bharr riaraidh an Chiste Cosanta Taistealaithe agus go mbaintear na costais seo ón gciste. I 2016, dhéileáil an Coimisiún le teip Lowcostholidays Spain SL agus ghearr sé na costais a bhain lenar riaradh ar an gCiste.

# Faisnéis Airgeadais

| Tobhach | 2016 | 2015 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Tobhach | €2,224,642 | €1,968,651 | 13% |
| Táillí Ceadúnais | €178,063 | €188,060 | (5%) |
| Ioncam Eile | €70,871 | €20,606 | 244% |
| **Iomlán** | **€2,473,576** | **€2,177,317** | **14%** |

## Ráitis Airgeadais

I bhFeabhra 2016, cuireadh na dréacht-ráitis airgeadais do 2015 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun go ndéanfaí iniúchadh orthu. Ar an 5 Iúil 2016, tar éis cur i gcrích an iniúchta, cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad. Cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad ar an 14 Nollaig 2016 agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Rinneadh dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 a ullmhú, agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad ar an 28 Feabhra 2017 chun go ndéanfaí iniúchadh orthu. Tugtar sliocht as na dréacht-ráitis seo thíos. Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais an ráiteas faoi na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí ar na cuntais, rudaí nach gcuirtear i láthair thíos ach a bheidh mar pháirt de na cuntais fhoilsithe dheiridh.

### Dréacht-Ráiteas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

| | **2016 € '000** | **2015 € '000 (mar atá athluaite)** |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam Tobhaigh | 2,225 | 1,969 |
| Táillí Ceadúnas | 178 | 188 |
| Eile | 71 | 21 |
| Ollioncam | 2,474 | 2,177 |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil | 5 | (19) |
| Glanioncam | 2,478 | 2,158 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 1,170 | 969 |
| Costais Phinsean | 183 | 168 |
| Comhairleacht | 35 | 6 |
| Táillí Dlí | 300 | 92 |
| Cíos | 280 | 280 |
| Éascú Sceideal | 331 | 320 |
| Costais Oibriúcháin | 502 | 505 |
| | **2,801** | **2,339** |
| **(Easnamh) Oibriúcháin** | **(322)** | **(181)** |

# Faisnéis Airgeadais

## Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 (mar atá athluaite) |
|---|---|---|
| (Easnamh) Oibriúcháin | (322) | (181) |
| Glanioncam ús ar dhliteanais scéime pinsin | (13) | (15) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim sochar scoir | (175) | (42) |
| Gnóthachain (caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní na scéime | (74) | 282 |
| Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha dhliteanais na scéime sochar scoir | - | - |
| Aistrithe isteach le haghaidh seirbhíse roimhe sin | - | - |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (262) | 310 |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mBliain Airgeadais** | **(585)** | **129** |

## Dréacht-Ráiteas ar Staid an Airgeadais ar an 31 Nollaig 2016

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 (mar atá athluaite) |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 15 | 20 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 20,892 | 22,531 |
| Taiscí Fadtéarmacha | 516 | 514 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 310 | 263 |
| | **21,718** | **23,308** |
| **Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Suimeanna iníoctha agus Fabhruithe | (399) | (169) |
| Cuntais Bhannaí Airgid | (19,190) | (20,751) |
| | **(19,589)** | **(20,920)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **2,129** | **2,387** |
| | | |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | **2,144** | **2,407** |
| Glandliteanas Sochar Scoir | (935) | (609) |
| **Glansócmhainní agus Dliteanas Sochar Scoir san áireamh** | **1,209** | **1,798** |
| Lena n-ionadaítear | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 1,968 | 2,291 |
| Cuntas Caipitil | 15 | 20 |
| Cúlchiste Sochar Scoir | (775) | (512) |
| | **1,209** | **1,798** |

# Faisnéis Airgeadais

## Ráiteas um Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil amhail an 31 Nollaig 2016

| | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | Cuntas Caipitil | Cúlchiste Sochar Scoir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **2,472** | **1** | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | **(181)** | **-** | **(738)** | **1,735** |
| Easnamh Oibriúcháin | - | 19 | - | (181) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | - | - | 19 |
| Gnóthachan Achtúireach | 2,291 | 20 | 225 | 225 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | | | **(512)** | **1,798** |
| | **2,291** | **20** | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016** | **(322)** | **-** | **(512)** | **1,798** |
| Easnamh Oibriúcháin | - | (5) | - | (322) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | - | - | (5) |
| Gnóthachan Achtúireach | 1,968 | 15 | (262) | (262) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,968** | **15** | **(775)** | **1,209** |



# Faisnéis Airgeadais

## Ráiteas um Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

| | 2016 € '000 | 2015 € '000 (mar atá athluaite) |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas | (322) | (181) |
| Difríocht idir an Costas Sochar Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra | 64 | 65 |
| Dímheas | 5 | 4 |
| Ús bainc a fuarthas mar ghlanmhéid de na muirir bhainc a íocadh | - | (9) |
| Amúchadh sócmhainn chaipitil | (5) | (4) |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | (57) | (4) |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | 9 | 5 |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | 36 | 5 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | 193 | (113) |
| **(Laghdú)/Méadú ar Sholáthairtí** | - | - |
| **(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **(77)** | **(232)** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús Bainc | 2 | 10 |
| Muirir Bhainc a Íocadh | (3) | (3) |
| **Glansreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(1)** | **7** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Méadú ar Chuntais Bhannaí Airgid agus CCT | (1,561) | 7,872 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(1,561)** | **7,872** |
| **Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | **(1,639)** | **7,647** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 22,531 | 14,883 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig | 20,892 | 22,531 |

*Uimhreacha slánaithe go neamhspleách; b'fhéidir nach mbeidh an toradh díreach céanna leis an iomlán.*

# 9

# Aguisín



# Aguisín

## Páipéir an Choimisiúin foilsithe i 2016

| | |
|---|---|
| **CP1/2016** | **Cinneadh ar Tháille Dheasc an Halla Bhagáiste ag Aerfort Átha Cliath** |
| **CP2/2016** | Faomhadh don Táille CUPPS ag Aerfort Átha Cliath |
| **CP3/2016** | Faomhadh don Táille CUPPS ag Aerfort Chorcaí |
| **CP4/2016** | Comhairliúchán ar Raon an Athbhreithnithe Eatraimh ar an gCur Chuige Rialála maidir leis an Rúidbhealach Thuaidh |
| **CP5/2016** | Comhairliúchán ar an bPróiseas le haghaidh Breithniúcháin maidir le Liúntas Capex Breise |
| **CP6/2016** | Breith ar Raon an Athbhreithnithe Eatraimh maidir leis an gCinneadh faoin Rúidbhealach Thuaidh |
| **CP7/2016** | Breith faoin bPróiseas le haghaidh Breithniúcháin maidir le Liúntas Capex Breise |
| | Aighneacht don Chomhairliúchán Poiblí faoin Athbhreithniú ar Rialú Tháillí Aerfoirt in Éirinn |
| | Dearbhú de na paraiméadair chomhordanithe sliotáin ama ag Aerfort Átha Cliath do shéasúir samhraidh 2017 |
| | Comhairliúcháin agus Trédhearcacht |
| | Meánchostas Ualaithe an Chaipitil (WACC) |
| | Monatóireacht ar Chaighdeán na Seirbhíse, Q4 2015, Q1 Q2 Q3 2016 |
| **CN1/2016** | Socruithe Ceadúnaithe do Thrádáil Taistil Earrach 2016 |
| **CN2/2016** | Iarratas ón daa le haghaidh Faofa an Táille ATI – Aerfort Átha Cliath – CUPPS |
| **CN2/2016** | Socruithe Ceadúnaithe do Thrádáil Taistil Fhómhair 2016 |
| **CN3/2016** | Iarratas ón daa le haghaidh Faofa an Táille ATI – Aerfort Chorcaí – CUPPS |
| **CN3/2016** | Ráiteas maidir le Caidhp Praghais shealadach 2017 agus comhlíontacht le Caidhp Praghais 2015 |

# Aguisín

## Príomh-Tháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta<br>Ceadúnú do Thrádáil Taistil (nóta 1) | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Doiciméid ar iarraidh a chur in iúl laistigh de sheachtain amháin d'iarrthóirí ceadúnais | 8% | 39% |
| Cinneadh a thabhairt d'iarrthóirí ceadúnais, i bprionsabal, laistigh de mhí amháin | 43% | 70% |
| Ceadúnais a eisiúint laistigh de dhá sheachtain tar éis na doiciméid ar fad a fháil | 86% | 84% |
| Líon na n-áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu | 17 | 27 |
| **Éilimh agus Aisdúichithe (nóta 2)** | | |
| Líon na nÉileamh a Fuarthas tar éis teipeanna | 4,174 | 222 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | 2,573 | 58 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | 4,174 | 86 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de shé mhí | 4,174 | 86 |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlána na n-éileamh | 7% | 2% |
| Líon na bpaisinéirí aisdúichithe | 0 | 0 |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú, tar éis an dáta sceidealaithe aischurtha | n.b. | n.b. |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú ar feadh níos mó ná seachtain amháin | n.b. | n.b. |
| **Cosaint Tomhaltóirí** | | |
| Réamh-athbhreithnithe ar ghearáin curtha i gcrích laistigh de sheachtain amháin | 94% | 81% |
| Gearáin curtha ar aghaidh chuig CFN eile laistigh de mhí amháin ón ngearán a fháil | 64% | 88% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de thrí mhí ón ngearán a fháil | 86% | 77% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de sheacht mí ón ngearán a fháil | 99% | 98% |
| Líon na n-imscrúduithe aerfoirt | 8 | 8 |
| **Riaracháin** | | |
| Athrú bliantúil ar chostais an Choimisiúin | +20% | -13% |

# Aguisín

1. Mar atá luaite i dTuarascáil Bhliaintúil 2015, tá athrú suntasach ar na Figiúir seo ó bhliain go bliain. Is comhartha é seo do thráthúlacht na n-iarratas agus na n-acmhainní atá ar fáil chun déileáil leis na hiarratais seo ag an am céanna. Tá ár bpáipéar comhairliúcháin ar na táscairí a úsáidtear chun feidhmíocht a mheas curtha siar again go dtí 2017 de bharr roinnt theagmhas nach rabhthas ag súil leo a tharla i 2016. Lena n-áirítear déileáil le héilimh Lowcostholidays Spain SL agus foirm PDF inlíonta le haghaidh iarratais ar cheadúnais a fhorbairt.

# Aguisín

## Plean Oibre an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta 2017


| TASC | CUSPÓIR | DÁTA CRÍOCHNAITHE |
|---|---|---|
| **Páirt a Ghlacadh in Athbhreithniú na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de Rialáil Margaidh Aerfoirt na hÉireann** | Cuidiú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na n-athraithe ar an gcóras rialála margaidh. | Faoi réir Phróiseas na Roinne |
| **Athbhreithnithe Eatramhacha ar Chinneadh 2014 maidir le táillí aerfoirt** | Cinneadh maidir le truicear an rúidbhealaigh Thuaidh. Athbhreithniú eatramhach Capex breise. | Ráithe 2 Sceideal faoi réir Aerfort Bhaile Átha Cliath, tuartha Ráithe 3 |
| **Comhlíonadh Cinnidh 2014** | Comhlíonadh chaidhp phraghais 2016 a chinntiú (Aibreán), ráiteas ar an gcaidhp phraghais (Samhain) agus tuarascálacha ráithiúla ar chaighdeán Seirbhísí a fhoilsiú. | Leanúnach |
| **Cinneadh maidir le táillí aerfoirt** | Na próisis a athbhreithniú agus na doiciméid a ullmhú. | Leanúnach |
| **Páirt a Ghlacadh i bhFóram Thessaloniki faoi Tháillí Aerfoirt** | Cuidiú i bhforbairt treoirlínte maidir le Measúnaithe a dhéanamh ar Chumhacht Margaidh agus páirt a ghlacadh i measúnú na Treorach um Tháillí Aerfoirt. | Leanúnach |
| **Athbhreithniú a dhéanamh ar bhannú an tionscail trádála taistil, an ciste cosanta taistealaithe san áireamh** | Cinntiú go sásaíonn na bearta an cuspóir i gcónaí - cosaint a thabhairt do thaistealaithe. | Ráithe 4 |
| **Treoir an AE um Thaisteal Láneagraithe** | Cuidiú chun tionchar na Treorach (2015/2302/AE) ar an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta a shainaithint agus moltaí a dhéanamh don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. | Ráithe 4 |
| **Tobhach chun an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a chistiú** | Tobhach 2018 a ríomh agus sonraisc a eisiúint. | Tobhach 2018 le socrú roimh ráithe 4 |
| **Ráitis Airgeadais Bhliantúla** | Cuntais Bhliantúla an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus an Chiste Cosanta Taistealaithe a chur i gcrích. | Ráithe 2 |
| **Rannpháirtíocht Éifeachtach leis na Páirtithe Leasmhara** | Rannpháirtíocht éifeachtach leis na paisinéirí, na haerfoirt, na haeriompróirí, na láimhseálaithe ar an talamh, an tionscal trádála taistil, na ranna rialtais chuí agus leis na páirtithe leasmhara eile a chinntiú. | Ráithe 2 |
| **Forbairt Láithreán Gréasáin** | Scrúdaigh an tionscadal. | Ráithe 2 |
| **Aeriompróirí Catagóirí A agus B – anailís airgeadais** | Cinntiú trí mhonatóireacht a dhéanamh go gcomhlíonann ceadúnaithe a riachtanais airgeadais. | Leanúnach |
| **Anailís airgeadais ar na Láimhseálaithe ar an Talamh** | Monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais airgeadais a chomhlíonadh. | Leanúnach |

## Plean Oibre an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta 2017 *(continued??????)*

| TASC | CUSPÓIR | DÁTA CRÍOCHNAITHE |
|---|---|---|
| **Athnuachan ar Fhaomhaithe na Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh** | Próiseáil a dhéanamh ar Athnuachaintí na Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh - 5 Athnuachan a bhí le dul as feidhm i 2017. | Mí na Nollag 2017 |
| **Na córais agus na próisis do cheadúnais aerlínte agus seirbhísí láimhseála ar an talamh a athbhreithniú** | Tagarmharcanna a leagan síos atá inchomparáide le tagarmharcanna gníomhaireachtaí eile chun an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr a chinntiú agus chun breathnú ar dheiseanna chun tuilleadh comhordaithe leis an IAA i bpróisis cheadúnaithe a bhaint amach. | Leanúnach |
| **Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas a cheadúnú** | Ceadúnais a eisiúint le gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turas a mbíonn rath ar a n-iarratas. | Bealtaine agus Samhain |
| **Próisis maidir le heisiúint agus le monatóireacht ceadúnas trádála taistil a athbhreithniú** | Cinntiú go bhfuil na próisis éifeachtach. | Ráithe 3 |
| **Eochairtháscairí Feidhmíochta do Cheadúnú Trádála Taistil** | Comhairle a lorg faoi na ETFanna agus iad a chur i bhfeidhm. | Ráithe 2 |
| **An próiseas réitigh i ndíospóidí maidir le cearta aerphaisinéirí** | Athbhreithniú a dhéanamh ar na próiseas atá ann chun an dea-chleachtas is fearr a shainiú. Breathnú ar na deiseanna atá ann chun líon na bhfiosrúchán nach bhfuil faoinar gcúram a laghdú. Plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht phaisinéirí a fheabhsú. | Ráithe 4 |
| **An próiseas réitigh i ndíospóidí maidir le cearta aerphaisinéirí** | Athbhreithniú a dhéanamh ar na próiseas atá ann chun an dea-chleachtas is fearr a shainiú.<br>Breathnú ar na deiseanna atá ann chun líon na bhfiosrúchán nach bhfuil faoinar gcúram a laghdú.<br>Plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht phaisinéirí a fheabhsú.<br>Iniúchadh a dhéanamh ar aerfoirt chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Rialachán AE 261/2004 agus 1107/2006. | Ráithe 2-Ráithe 3<br>Ráithe 2-Ráithe 3<br>Ráithe 2<br>Leanúnach |

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Commission for Aviation Regulation

# Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta





An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Commission for Aviation Regulation








An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
3ú Urlár, Teach, Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: +353 1 6611700
Facs: +353 1 6611269
www.aviationreg.ie
ríomhphost: info@aviationreg.ie


2016
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

